# Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

**Aistear**
Téamaí: *Folláine agus Leas*, *Féiniúlacht agus Muintearas*, *Cumarsáid a Dhéanamh*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*.
*Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais*: *Comhpháirtíochtaí a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí* (lgh 6-25), *Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta* (lgh 27-30 agus 46-47), *Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe* (lgh 78-79)

**Caighdeáin Síolta**
1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3
13: *Aistrithe*, C13.1, 13.2, 13.3
*Achoimrí Taighde* atá nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

## An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

Cabhraíonn an **Uirlis Féinmheastóireachta** seo leat, mar chleachtóir aonair nó mar bhall d'fhoireann, machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann tú aistrithe i do shuíomh féin a bhainistiú. Cuimsítear roinnt gnéithe de thacú le haistrithe sa cholún *Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí*.

**1.** Tá an uirlis seo roinnte ina **4 ghné**.

1. Aistriú ón mbaile go suíomh cúram lae/suíomh seisiúnach
2. Aistrithe sa ghnáthamh laethúil
3. Aistrithe ó sheomra go seomra
4. An t-aistriú chuig an mbunscoil

**2.** Tá **sraith ráiteas** ag gabháil le gach gné. I ndáil le gach ráiteas, roghnaigh cé acu seo is fearr a léiríonn do chleachtas reatha.

| | |
|---|---|
| Riamh/Go hAnnamh | Is annamh a dhéanaim é seo. |
| Uaireanta | Déanaim é seo má chuimhním air/nuair a chuimhním air. |
| Go Rialta | Déanaim iarracht é seo a dhéanamh chomh minic agus is féidir liom. |
| Beagnach i gcónaí | Déanaim é seo an chuid is mó den am. |

Más mian leat nótaí nó samplaí de do chleachtas a bhreacadh síos maidir le haon cheann de na ráitis, úsáid an bosca atá ann chuige sin.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

**3.** Feicfidh tú **noda machnaimh** tar éis gach gné. Agus do mhachnamh á dhéanamh agat orthu sin, smaoinigh ar do chleachtas – céard a dhéanann tú agus conas a dhéanann tú é. Cabhróidh sé sin leat na gnéithe a oibríonn go maith a aithint mar aon leis na dúshláin a bhaineann le gach gné.

**4.** Breac síos na hathruithe is mian leat a dhéanamh.

**5.** Tar éis duit an Uirlis Féinmheastóireachta a úsáid, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach féachaint ar na rannáin *Samplaí agus Smaointe do Chleachtas agus Acmhainní le Comhroinnt* **ar aistearsiolta.ie**

**6.** Is féidir an Teimpléad Pleanáil Ghníomhaíochta sa rannán *Uirlisí Pleanáil Ghníomhaíochta* a úsáid chun cabhrú leat pleanáil a dhéanamh d'athruithe sonracha atá beartaithe agat.

**Roimh dhul i mbun oibre duit ar an gcolún seo, molaimid duit roinnt oibre a dhéanamh le *Bunchlocha an Churaclaim*.**

**Ainmneacha na gcleachtóirí**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 1: Aistriú ón mbaile go suíomh cúram lae/suíomh seisiúnach

Tá an t-aistriú ón mbaile go dtí an chéad suíomh luath-óige lasmuigh den bhaile ar cheann de na haistrithe is mó a bhíonn le déanamh ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Cloch mhíle mhór atá ann i saol an linbh, cibé acu an naíonán nó lapadán atá ag dul chuig an ionad cúram lae den chéad uair nó leanbh óg ag tosú sa bhliain réamhscoile atá ann. Roinntear faisnéis ríthábhachtach idir tuismitheoirí agus cleachtóirí chun leanúnachas an chúraim, an ghnáthaimh, na foghlama agus na forbartha a chinntiú. Bíonn tuismitheoirí, feighlithe leanaí agus cleachtóirí ag obair as lámha a chéile agus forbraítear naisc láidre idir na leanaí agus na cleachtóirí. Déantar aistrithe furasta a éascú agus a chur chun cinn trí chaidrimh chomhsheasmhacha shocra a fhorbairt. Cothaítear leo sin tuiscint dhomhain ar shaol gach linbh, lena n-áirítear na hionchais shóisialta agus chultúrtha ón mbaile, rud a thacaíonn le comhthuiscint agus cur chuige comhsheasmhach i ndáil le cúram agus le hoideachas an linbh.

| | Chun tacú leis an aistriú tosaigh ón mbaile, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | roinnimid **faisnéis ar ár suíomh** (amhail ár n-éiteas, an íomhá atá againn de leanaí, ráiteas misin nó curaclaim) roimh chlárú chun cabhrú le tuismitheoirí teacht ar chinneadh gurb é an suíomh an áit cheart dá leanbh. Sa chás nach Gaeilge ná Béarla í, déanaimid sáriarracht faisnéis thábhachtach a chur ar fáil i dteanga dhúchais an tuismitheora. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **2** | déanaimid **cuairt bhaile** a thairiscint, nuair is féidir, roimh an leanbh a chlárú sa suíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **3** | déanaimid iarracht tuiscint chuimsitheach a fháil ar gach leanbh agus ar a t(h)eaghlach. Spreagaimid do thuismitheoirí faisnéis a roinnt linn (nuair a ghlactar cinneadh leanbh a chlárú) agus **mínímid** conas a **úsáidfimid** an fhaisnéis sin. Bailímid **faisnéis ar an leanbh**, a t(h)eaghlach, daoine thábhachtacha eile ina s(h)aol, peataí, réimsí spéise, rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis/léi. Ina theannta sin, bailímid **faisnéis ar ghnáthaimh linbh**, **roghanna maidir le codladh**, **nósanna itheacháin** agus **rudaí speisialta a thugann sólás dó/di**, agus ar **mhórchlocha míle na forbartha** . | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **4** | aithnímid gur **freagracht chomhroinnte atá sna haistrithe** lena mbaineann pleanáil, cumarsáid agus comhoibriú idir na baill foirne agus tuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 1: Aistriú ón mbaile go suíomh cúram lae/suíomh seisiúnach

| | Chun tacú leis an aistriú tosaigh ón mbaile, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | **saintréithe agus meonta** pearsanta, **cúlra** teaghlaigh agus cultúrtha, agus **taithí roimhe seo** ar shuíomhanna luath-óige nó aistrithe, aithnímid go dtéann siad sin ar fad i bhfeidhm ar an gcaoi a dtéann leanaí i dtaithí ar shuíomh nua. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 6 | cloífimid le **gnáthaimh bhaile na leanaí an oiread agus is féidir**, go mór mór sna chéad chúpla mí a chaitheann siad sa suíomh chun iad a chur ar a gcompord agus chun leanúnachas idir an suíomh agus an baile a chur ar fáil. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 7 | tugaimid cleachtadh do na tuismitheoirí ar ár **nósanna imeachta le socrú isteach** roimh an leanbh a chlárú nó roimh an gcéad lá sa suíomh, agus molaimid dóibh **iad sin a mhíniú dá leanbh** (más cuí). Mar shampla, d'fhéadfaí a áireamh ar na nósanna imeachta sin laethanta a bheith níos giorra ag an tús, iarraidh ar thuismitheoirí am a chaitheamh sa suíomh lena leanbh i dtosach, nó teacht isteach na leanaí nua a chéimniú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 8 | **cuirimid na tréimhsí socrú isteach in oiriúint** chun freastal ar riachtanais gach linbh, agus aithnímid go mbíonn tacaíocht nó am níos mó de dhíth ar leanaí áirithe le socrú isteach. **Bímid i dteagmháil leis na tuismitheoirí go rialta** agus iarraimid a gcomhairle ar an gcaoi chun an próiseas a éascú dá leanbh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 9 | tugaimid grianghraif den **suíomh agus den phríomhdhuine** do thuismitheoirí le tabhairt abhaile leo roimh an tréimhse socrú isteach agus lena linn. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 10 | freastalaímid ar mháithreacha ar mian leo leanúint den **chíoch a thabhairt dá naíonán** agus, nuair is féidir, cuirimid limistéar ciúin, compordach agus príobháideach ar fáil chun é sin a dhéanamh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 1: Aistriú ón mbaile go suíomh cúram lae/suíomh seisiúnach

| | Chun tacú leis an aistriú tosaigh ón mbaile, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **11** | bímid **ag tacú le tuismitheoirí** i rith tréimhsí aistrithe mar tuigimid gur próiseas deacair atá ann do dhaoine fásta freisin. Mar shampla, cuirimid ar a suaimhneas iad agus tugaimid grianghraif nó físeáin dóibh dá leanbh ag spraoi agus é/í breá sásta. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **12** | tuigimid gur **phróiseas an-dúshlánach** a d'fhéadfadh a bheith ann do leanaí áirithe, go mór mór iad siúd ar tharla **go leor athruithe** ina saol cheana féin. Tuigimid go bhfreagróidh gach aon leanbh don aistriú ar bhealach difriúil de réir a (h)aoise, a c(h)éim forbartha agus a (h)eispéiris roimhe sin. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **13** | aithnímid na **tosca a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le strus nó le himní** do leanaí i rith na n-aistrithe, mar shampla druidim isteach iontu féin, scaradh agus buairt. Oibrímid le leanaí agus le tuismitheoirí chun **na tosca sin a laghdú an oiread agus is féidir**. Mar shampla, labhraímid le leanaí faoi na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus cabhraímid leo na mothúcháin a bhraitheann siad i rith na n-athruithe sin a ainmniú. Tugaimid comhairle do thuismitheoirí ar an gcaoi is féidir leo cabhrú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **14** | iarraimid ar thuismitheoirí **cuimhneacháin ar an mbaile a chur ar fáil** dá leanbh amhail pluid sóláis, gobán, bréagáin speisialta, leabhair, agus grianghraif de pheataí agus de dhaoine speisialta i saol an linbh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **15** | **sannaimid duine lárnach** do gach leanbh agus do gach teaghlach agus **mínímid** é sin go mion do thuismitheoirí. Tá freagracht ar leith ar an gcleachtóir sin dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus tacú le foghlaim agus le forbairt an linbh, agus oibríonn sé/sí go crua chun **caidrimh láidre a fhorbairt**. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 1: Aistriú ón mbaile go suíomh cúram lae/suíomh seisiúnach

| | Chun tacú leis an aistriú tosaigh ón mbaile, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **16** | cuirimid **deiseanna** rialta ar fáil le haghaidh **comhráite foirmiúla agus neamhfhoirmiúla** idir an duine lárnach agus na tuismitheoirí chun caidrimh, muinín agus comhthuiscint a fhorbairt maidir le cúram agus oideachas an linbh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **17** | cinntímid go gcaitheann leanaí, go mór mór naíonáin agus lapadáin, formhór a n-ama le **grúpaí leanaí a bhfuil aithne acu orthu** ionas gur féidir leo **caidrimh láidre sheasmhacha** a fhorbairt. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **18** | cinntímid go mbíonn deiseanna ag **deartháireacha agus deirfiúracha** go leor ama a chaitheamh lena chéile. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **19** | **comhroinnimid faisnéis i scríbhinn le tuismitheoirí**, mar shampla, trí dhialann naíonáin scríofa, punann foghlama linbh, nó teachtaireacht téacs nó ríomhphost. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **20** | **foghlaimímid focail thábhachtacha ó theanga dhúchais an linbh** i gcás nach Gaeilge ná Béarla atá ann. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **21** | déanaimid ár ndícheall na **príomhdhifríochtaí cultúir a thuiscint**, labhairt le tuismitheoirí fúthu sin agus comhairle agus tacaíocht a iarraidh uathu. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 1: Aistriú ón mbaile go suíomh cúram lae/suíomh seisiúnach

| | Chun tacú leis an aistriú tosaigh ón mbaile, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **22** | forbraímid caidrimh agus **comhoibrímid** le **daoine gairmiúla ábhartha** chun tacú níos fearr le foghlaim agus le forbairt an linbh, mar shampla bímid ag obair le teiripeoirí urlabhra agus teanga, oibrithe sóisialta, altraí sláinte poiblí, agus teiripeoirí saothair. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **23** | de réir mar a bhíonn gá leis agus le cead ó na tuismitheoirí, **comhroinnimid faisnéis** ó dhaoine gairmiúla ábhartha nó iarraimid faisnéis uathu, mar shampla daoine gairmiúla i réimse na sláinte nó i suíomhanna luath-óige eile. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **24** | **oibrímid go dlúth le suíomhanna eile** ina mbíonn an leanbh chun comhsheasmhacht a chinntiú, mar shampla, i gcás linbh a fhreastalaíonn ar aonad speisialta ar feadh cuid den tseachtain. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **25** | cuirimid **faisnéis agus comhairle** ar fáil, le cead ó na tuismitheoirí, nuair a bhíonn na leanaí ag **aistriú ó shuíomh amháin chuig suíomh eile**, mar shampla chuig suíomh luath-óige eile, teiripí súgartha nó oibrí sóisialta. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **26** | spreagaimid tuismitheoirí le hinsint dúinn faoi na **haistrithe sa bhaile** a d'fhéadfadh dul i gcion ar an leanbh amhail cliseadh caidrimh nó pósta, nó aistriú tí, ionas gur féidir linn **tacú leis an leanbh agus leis an teaghlach** i rith na tréimhse sin. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 1: Aistriú ón mbaile go suíomh cúram lae/suíomh seisiúnach

### Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le tacú le haistriú leanaí ón mbaile go suíomh cúram lae/seisiúnach.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí romhat maidir le tacú le haistriú leanaí ón mbaile go suíomh cúram lae/seisiúnach.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanáil Ghníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

**Ainmneacha na gcleachtóirí**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 2: Aistrithe sa ghnáthamh laethúil

Is tábhachtach an struchtúr agus an suaimhneas a sholáthraíonn aistrithe sa ghnáthamh laethúil do leanaí, agus cabhraíonn sé sin leo a bheith ag súil leis na hathruithe a tharlóidh i rith an lae agus déileáil leo. Mar sin féin, fanann an gnáthamh laethúil solúbtha go leor chun freastal ar riachtanais agus ar réimsí spéise leanaí a bhíonn de shíor ag athrú.

| | Agus aistrithe éasca sa ghnáthamh laethúil á gcruthú againn, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | cinntímid, chomh maith agus is féidir linn, go mbíonn **cleachtóirí ag obair leis an ngrúpa céanna leanaí** gach lá, gach seachtain agus i rith na bliana ar fad. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 2 | **laghdaímid an méid a bhíonn cleachtóirí ag aistriú** idir seomraí chun sosanna nó lón a ghlacadh agus mar sin de, go háirithe i seomraí na naíonán agus na lapadán. Cinntímid go mbíonn ball foirne a bhfuil aithne ag na leanaí air/uirthi ar fáil i gcónaí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 3 | réitímid na **huainchláir foirne/laethanta saoire** sa chaoi is go mbíonn ball foirne a bhfuil aithne ag naíonáin agus lapadáin air/uirthi sa seomra i gcónaí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 4 | fiafraímid de thuismitheoirí conas atá an leanbh **nuair a thagann an leanbh chun an tsuímh gach lá**. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 5 | aithnímid go dtéann **méin agus meon** gach linbh i bhfeidhm ar an gcaoi a bhfreagraíonn an leanbh d'aistriú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 6 | **gnáthamh laethúil struchtúrtha** atá ann, ach gnáthamh is ea é atá **solúbtha** ag an am céanna. Tá a fhios againn **cé mhéad** aistriú a bhíonn ann gach lá, agus **déantar a laghad acu agus is féidir**. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 7 | cinntímid go bhfuil leanaí agus tuismitheoirí **eolach ar an ngnáthamh laethúil**. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige / Department of Children and Youth Affairs

## Gné 2: Aistrithe sa ghnáthamh laethúil

| | Agus aistrithe éasca sa ghnáthamh laethúil á gcruthú againn, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 8 | **coinnímid leanaí ar an eolas agus tacaímid leo** roimh aistrithe **riachtanacha** agus lena linn. Mar shampla, soláthraímid **pictiúir de na ghnáthaimh laethúla agus áiseanna amhairc eile**. D'fhéadfaimis na soilse a ísliú freisin roimh amanna ciúine, nó leas a bhaint as orláistí agus/nó as comharthaí amhail leideanna ó bhéal trí nóiméad, dhá nóiméad agus nóiméad amháin roimh an am don ghlanadh suas. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 9 | cinntímid go ndéantar na haistrithe go **ciúin** agus **de réir a chéile** agus go mbíonn **go leor ama** ann dóibh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 10 | tá **róil shocraithe againn ag tréimhsí aistrithe**, mar shampla, cabhraíonn cleachtóir amháin leis na leanaí glanadh suas tar éis dinnéir fad is a bhíonn cleachtóir eile ag léamh scéalta sa limistéar leabhar. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 11 | bíonn **aistrithe riachtanacha á ndéanamh ar bhealach spraíúil** againn trí leas a bhaint as leabhair, rainn, ceol, cluichí, amhráin nó puipéid, mar shampla, amhrán 'glanadh suas' a úsáid nuair a bhíonn an glanadh suas ar siúl. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 12 | tuigimid go mbaineann **difríochtaí móra** leis an **méid ama** a bhíonn de dhíth ar leanaí na haistrithe laethúla a láimhseáil, mar shampla bíonn leanaí áirithe réidh le dul ag spraoi nuair a thagann siad chun an tsuímh, ach b'fhéidir go mbeadh roinnt ama de dhíth ar leanaí eile chun slán a fhágáil agus socrú isteach. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 13 | **cabhraímid le tuismitheoirí** a thuiscint go mbíonn **am de dhíth** ar leanaí aistrithe a dhéanamh, mar shampla b'fhéidir nach mbeadh deifir ar leanbh dul abhaile dá mbeadh rud tábhachtach ar siúl aige/aici nuair a thagann an tuismitheoir. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 14 | bíonn **nósanna** againn do thréimhsí athraithe agus aistrithe, mar shampla lámh a chroitheadh chun slán a fhágáil, bréagán speisialta a chur in áit speisialta. Bíonn baill foirne a bhfuil aithne ag leanaí orthu sa seomra i gcónaí agus na leanaí a bhfágáil nó á mbailiú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige / Department of Children and Youth Affairs

## Gné 2: Aistrithe sa ghnáthamh laethúil

| | Agus aistrithe éasca sa ghnáthamh laethúil á gcruthú againn, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 | tugaimid **róil do leanaí ag am teachta agus imeachta** le go mothaíonn siad go bhfuil smacht acu ar chúrsaí, mar shampla, 'síniú isteach' nuair a thagann siad chuig an suíomh trína bpictiúr a bhogadh ó cholún amháin go colún eile ar chlár fógraí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 16 | cuirimid **spásanna** ar fáil do leanaí lena ngrúpobair nó a dtograí fadtréimhseacha a choimeád chun gur féidir leo teacht ar ais chucu níos déanaí sa lá nó sna laethanta ina dhiaidh sin. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 17 | pleanálaimid bealaí chun cabhrú le leanaí déileáil le **tréimhsí feithimh**, mar shampla clog nó uaineadóir a úsáid nó suí i gciorcal seachas seasamh i líne. **Iarraimid freisin ar leanaí a smaointe a thabhairt**. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 18 | cabhraímid le leanaí **a bheith chomh neamhspleách agus is féidir i rith tréimhsí aistrithe**, mar shampla cabhrú leis an nglanadh suas, a lámha a ní tar éis dul chuig an leithreas, nó a gcóta agus a hata a chur orthu roimh dhul amach. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 19 | cinntímid go mbíonn an **gnáthamh ag freastal ar riachtanais na leanaí** agus gur féidir an gnáthamh a **chur in oiriúint** do gach leanbh nó grúpa. Mar shampla, téimid i gcomhairle le leanaí maidir le cé acu a ba mhaith leo níos mó ama a chaitheamh le gníomhaíocht ar leith nó dul ar aghaidh chuig gníomhaíocht eile. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 20 | cabhraímid le leanaí **roghnú cá gcaithfidh siad a gcuid ama**. Mar shampla, is féidir leo roghnú go bhfanfaidh siad níos faide taobh amuigh agus nach gcaithfidh siad dul isteach leis an ngrúpa mór, agus a mhalairt. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 2: Aistrithe sa ghnáthamh laethúil

| | Agus aistrithe éasca sa ghnáthamh laethúil á gcruthú againn, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 21 | táimid **solúbtha maidir le ham codlata** agus cabhraímid le gach leanbh socrú síos ar an gcaoi is fearr a oireann dó/di féin. I gcás leanaí nach mbíonn ina gcodladh, is féidir leo suí le duine fásta agus féachaint ar leabhar nó éisteacht le ceol suaimhneasach. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 22 | cinntímid go mbíonn na tréimhsí aistrithe (amhail **gnáthaimh chúraim** lena n-áirítear leanaí a thabhairt chuig an leithreas agus clúidíní a athrú) spraíúil agus aerach, agus nach mbíonn deifir ag baint leo. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 23 | cinntímid gur **eispéiris foghlama thaitneamhacha iad na tréimhsí beathaithe** do naíonáin agus nach mbíonn siad ag fanacht i bhfad ar bhia. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 24 | cinntímid go mbíonn lapadáin agus leanaí óga **páirteach** san ullmhúchán d'amanna sneaiceanna agus béilí, mar shampla mataí boird a chur amach nó torthaí a chomhroinnt, agus cinntímid **nach mbíonn leanaí ina suí i bhfad ag an mbord** agus iad ag fanacht ar bhia. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 25 | déanaimid **breathnóireacht agus machnamh** ar eispéiris leanaí ag amanna aistrithe agus, **más gá, déanaimid athruithe** chun feabhas a chur orthu. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

## Gné 2: Aistrithe sa ghnáthamh laethúil

### Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le tacú le haistrithe sa ghnáthamh laethúil.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí romhat maidir le tacú le haistrithe sa ghnáthamh laethúil.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanáil Ghníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

**Ainmneacha na gcleachtóirí** ______ **Dáta** LL/MM/BB

## Gné 3: Aistrithe ó sheomra go seomra

Bíonn aistrithe á mbainistiú ar bhealach íogair agus tuisceanach i rith thréimhse an linbh sa suíomh. Is athruithe tábhachtacha iad athruithe amhail bogadh chuig seomra nua agus/nó dul i dtaithí ar dhuine lárnach nua, agus déantar iad a phleanáil go cúramach agus a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

| | Agus leanbh á aistriú ó sheomra amháin go seomra eile sa suíomh, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **téimid i gcomhairle le tuismitheoirí roimh leanbh a aistriú**, agus glacaimid an cinneadh deiridh i gcomhar leo. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 2 | pléimid an próiseas **leis an leanbh roimh an aistriú**, mar shampla mínímid an chúis atá leis an aistriú, cuirimid an duine lárnach nua in aithne, taispeánaimid don leanbh cá bhfuil an seomra nua, agus cinntímid go bhfuil sé/sí sásta leis an aistriú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 3 | cinntímid **go ndéantar an t-athrú de réir a chéile** agus go bhfuil **gnéithe den seomra nua** amhail leagan amach, acmhainní agus rochtain ar threalamh **ar aon dul leis an seomra ina raibh an leanbh roimhe sin**. Mar shampla, i gcás naíonáin ag athrú go seomra na nguagairí, beidh rochtain aige/aici i gcónaí ar limistéar bog ar an urlár ar féidir leis/léi dul ag spraoi ann. Is ann a bheidh cuid den trealamh agus de na bréagáin, seachas ar na seilfeanna, agus tá siad cosúil leo siúd a bhí ar fáil sa seomra ina raibh an leanbh roimhe sin. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 4 | **mínímid na hathruithe** ar leagan amach an tseomra agus ar acmhainní do leanaí ar bhealach ina léirítear a n-aois agus ar a gcéim forbartha, agus tugaimid **a ndóthain ama** dóibh dul i dtaithí ar an seomra nua. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

## Gné 3: Aistrithe ó sheomra go seomra

| | Agus leanbh á aistriú ó sheomra amháin go seomra eile sa suíomh, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | cinntímid go bhfuil **go leor daoine fásta** sa seomra chun tacú le haistriú éasca. Mar thoradh air sin, b'fhéidir go mbeadh gá uaireanta le níos mó daoine fásta ná a eilítear faoi na Rialacháin Réamh-Scoile (2006). Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh duine fásta sa bhreis de dhíth i seomra na nguagairí/lapadán de réir mar a théann naíonáin i dtaithí ar an timpeallacht nua ina bhfuil leanaí níos sine. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 6 | **cuirimid tuismitheoirí in aithne** do **dhuine lárnach nua an linbh** nuair a aistrítear an leanbh ó sheomra amháin go seomra eile. Nuair is féidir é, aistrítear an t-oibrí lárnach leis an ngrúpa leanaí atá aige/aici. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 7 | cuirimid deiseanna ar fáil do **dhaoine lárnacha reatha agus nua teacht le chéile** chun leanbh a phlé agus faisnéis i scríbhinn a chomhroinnt sula n-aistrítear an leanbh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 8 | cabhraímid le daoine **caidrimh a chothú le duine lárnach nua**, mar shampla tugann an duine lárnach nua cuairt ar an leanbh sa seomra ina bhfuil sé/sí faoi láthair, tugann an leanbh cuairt ar an duine lárnach nua sa seomra nua, agus méadaítear an méid ama a chaitheann an leanbh ann gach lá go dtí go ndéantar an t-aistriú iomlán. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 9 | **comhroinnimid faisnéis maidir le leanaí le baill foirne eile le cinntiú** gur eispéireas dearfach do leanaí atá san aistriú go seomra nua agus go mbíonn leanúnachas agus dul chun cinn ina gcuid foghlama agus forbartha. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 3: Aistrithe ó sheomra go seomra

### Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le tacú le haistrithe ó sheomra go seomra sa ghnáthamh laethúil.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí romhat maidir le tacú le haistrithe ó sheomra go seomra sa ghnáthamh laethúil.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas agus Uirlisí Pleanáil Ghníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

**Ainmneacha na gcleachtóirí**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 4: An t-aistriú chuig an mbunscoil

Próiseas comhoibríoch is ea an t-aistriú idir suíomh luath-óige agus an bhunscoil, agus bíonn ról ann ag leanaí, tuismitheoirí, cleachtóirí agus bainisteoirí suímh, múinteoirí agus príomhoidí bunscoile, feighlithe linbh agus daoine gairmiúla eile, nuair is infheidhme. Cloch mhíle mhór i saol linbh is ea an t-aistriú seo agus, amhail aistrithe eile, cabhraíonn sé agus déantar níos éasca do leanaí é nuair a bhíonn pleanáil, cumarsáid agus comhoibriú ann. Próiseas atá ann seachas pointe ama ar leith.

| | Agus muid ag tacú leis an aistriú chuig an mbunscoil, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | pléimid **láidreachtaí na leanaí agus na réimsí ina bhfuil siad ag forbairt**, leis na tuismitheoirí. Cabhraíonn an fhaisnéis sin le tuismitheoirí cinneadh a dhéanamh cé acu an leanbh a chur chuig an scoil nó fanacht bliain eile. Cuirtear aois an linbh san áireamh freisin agus an t-aistriú chun na scoile á phlé (6 bliana d'aois is ea an aois éigeantach scoile). | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **2** | cuirimid **faisnéis i scríbhinn** ar fáil maidir le scileanna, eolas agus meonta na leanaí do thuismitheoirí agus soláthraímid deiseanna foirmiúla chun aistriú a linbh chun na scoile a phlé. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **3** | pléimid aistriú na leanaí chun na scoile le **daoine gairmiúla eile** amhail cúntóirí riachtanais speisialta agus oibrithe sóisialta, nuair is cuí agus nuair atá cead faighte ó na tuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **4** | pléimid leis na leanaí **conas a mhothaíonn siad faoin aistriú** chun na bunscoile. **Cabhraímid leo na hathruithe atá rompu a thuiscint** trí labhairt faoi na difríochtaí agus faoi na cosúlachtaí idir an dá shuíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **5** | soláthraímid **frapaí ar leith don spraoi**, mar shampla éidí scoile, málaí scoile, boscaí lóin, leabhair faoin aistriú chun na scoile, agus grianghraif de na scoileanna ar a mbeidh siad ag freastal. Léimid leabhair agus insímid scéalta a bhaineann leis an eispéireas. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige / Department of Children and Youth Affairs

## Gné 4: An t-aistriú chuig an mbunscoil

| | Agus muid ag tacú leis an aistriú chuig an mbunscoil, | Riamh/Go hannamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gcónaí | Nótaí / Samplaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | tugaimid **bunfhaisnéis ar scoileanna áitiúla** do thuismitheoirí, amhail cá bhfuil siad agus a sonraí teagmhála, agus sonraí ar laethanta oscailte a bheidh ag tarlú go luath. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 7 | bímid **ag tacú le tuismitheoirí** mar tuigimid gur próiseas deacair atá ann dóibh siúd freisin. Déanaimid iarracht a n-imní a laghdú trína gcur ar a suaimhneas agus trí labhairt leo go hionraic faoi na difríochtaí agus faoi na cosúlachtaí idir an dá shuíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 8 | **téimid i gcomhairle le scoileanna friothálacha** sna míonna roimh an aistriú agus tugaimid na leanaí **ar cuairt chuig na bunscoileanna áitiúla is mó**, nuair is féidir, agus **iarraimid ar mhúinteoirí agus/nó ar phríomhoidí áitiúla** teacht ar cuairt chuig na leanaí inár suíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 9 | iarraimid ar leanaí a bhfuil an t-aistriú ónár suíomh chuig an scoil déanta acu cheana féin **a n-eispéireas a chomhroinnt** le leanaí agus le tuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 10 | soláthraímid faisnéis i scríbhinn **faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt leanaí don bhunscoil ábhartha**, le cead na dtuismitheoirí. Mar shampla, comhroinnimid punanna foghlama nó foirmeacha aistrithe leanaí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 11 | aithnímid an t-aistriú mar **fhreagracht chomhroinnte eadrainn féin, na tuismitheoirí agus an scoil**. Déanaimid pleanáil, cumarsáid agus comhoibriú chun aistriú chomh héasca agus is féidir a chinntiú. **Cothaímid caidrimh** a chabhraíonn le leanaí an t-aistriú chuig an scoil a dhéanamh, mar shampla, le múinteoirí áitiúla, múinteoirí teagmhála baile is scoile agus/nó príomhoidí scoile. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 12 | soláthraímid faisnéis agus **comhairle ar riachtanais speisialta oideachais leanaí** don bhunscoil, nuair a iarrtar a leithéid agus le cead na dtuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

## Gné 4: An t-aistriú chuig an mbunscoil

### Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le tacú le haistriú leanaí chuig an mbunscoil.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí romhat maidir le tacú le haistriú leanaí chuig an mbunscoil.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanáil Ghníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs